WWW.FTNG.IE

CÉARD ATÁ AG TARLÚ I DO PHOBAL

# NUACHT SICAP

Clár Gníomhachtúcháin Pobail agus Cuimsiú Sóisialta.

## Céard é SICAP

Is clár de chuid an rialtais é an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP). Is é Forbairt Tuaithe na Gaillimhe (FTG) a dhéanann bainistíocht air i gContae na Gaillimhe. Cuirimid maoiniú agus tacaíocht ar fáil chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta. Bímid ag obair le pobail áitiúla, le daoine atá faoi mhíbhuntáiste, le grúpaí pobail, agus le gníomhaireachtaí rialtais.

## Céard a dhéanaimid

Cuidímid leo siúd a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu chun teacht ar dheiseanna oiliúna agus oideachais agus ar phost. Bímid ag cuidiú le Grúpaí Pobail Áitiúla chomh maith, agus ag tacú leo.

## Conas a thacaímid leatsa

Ar bhonn duine le duine is féidir linn cabhrú leat:

- feabhas a chur ar do shaol féin,
- post a aimsiú,
- gnó nó fiontar sóisialta a bhunú,
- tabhairt faoin oideachas,
- cur le do chuid féinmhuiníne,
- páirt a ghlacadh i do phobal áitiúil.



Bímid ag obair leis na grúpaí pobail i do cheantar féin chun cur lena neart agus chun cabhrú leo freastal ar a gcuid riachtanas féin agus tacú leis an bpobal.



## Is féidir leatsa leas a bhaint as SICAP:

- Má tá tú dífhostaithe
- Más duine den Lucht Siúil nó den phobal Romach thú
- Más tuismitheoir aonair thú
- Má tá tú faoi mhíchumas
- Má tá cónaí ort i gceantar tuaithe nó i gceantar bocht
- Más imirceach, teifeach, nó iarrthóir tearmainn thú
- Más ioncam íseal atá agat féin nó ag do theaghlach
- Más duine óg thú atá ag cuardach poist nó deis oiliúna
- Más feirmeoir thú agus tú ar ioncam íseal nó má tá tú éirithe as an obair



## Tá na tacaíochtaí ar fad a chuirtear ar fáil faoi SICAP saor in aisce



Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union
Tá an tionscadal seo cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach.

**Ceannaire foirne** Focal ó Anne Cassidy



Fáilte chuig an nuachtlitir! Ba mhaith linn a thaispeáint duit roinnt de na rudaí a dhéanann ár bhfoireann i gContae na Gaillimhe faoin gclár SICAP. Tacaímid le pobail chun bheith ina n-áit níos fearr agus níos cuimsithí do na daoine go léir a chónaíonn iontu. Bímid ag obair leat chun cur le do chuid muiníne agus cuidiú leat teacht ar áiseanna a chuideoidh leat i do shaol. Seans go bhféadfaimis cuidiú leat filleadh ar an oideachas, post a aimsiú, páirt a ghlacadh sa phobal nó cur le do scileanna saoil. Féach ar na tacaíochtaí ar fad a chuirimid ar fáil. Más mian leat teagmháil a dhéanamh linn, cuir scéala chuig duine dár **nOifigigh SICAP** ag **www.ftng.ie**

## Cuirimid cúrsaí Oideachais agus Oiliúna ar fáil do dhaoine fásta, agus iad saor in aisce, i réimsí cosúil le:

- Láimhseáil
- Pas sábháilteachta
- Sábháilteacht ar dhóiteán
- HACCP
- An tástáil teoirice tiomána
- Ceardlanna CV
- Do ghnó féin a bhunú
- Forbairt Phearsanta
- Scileanna agus caithimh aimsire cosúil le: Fuáil, Garraíodóireacht, Ióga, Ealaín, Cócaireacht, agus Scileanna Digiteacha




## Tacaíochtaí a bhaineann le do ghnó féin a bhunú

Mura bhfuil tú ag obair agus má tá tú ag iarraidh do ghnó féin a bhunú, is féidir lenár nOifigeach Fiontraíochta cuidiú leat. Cuirimid réimse tacaíochtaí ar fáil agus is féidir linn cabhrú leat cur isteach ar an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair

**Céard é an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair?**

D'fhéadfá an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair a fháil má tá tú dífhostaithe agus má tá tú ag iarraidh do ghnó féin a bhunú. Cuidíonn sé leat do ghnó a fhorbairt agus íocaíocht á fáil agat. Laghdófar an íocaíocht thar thréimhse dhá bhliain.

**Cé atá i mbun an Liúntais Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair?**

Is é Intreo a ritheann an scéim don Roinn Coimirce Sóisialaí. Cuideoimid leat cur isteach ar an íocaíocht. Is féidir linn cabhrú leat iarratais a réiteach agus cuirimid oiliúint ghnó ar fáil duit.

**Conas cur isteach ar an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair?**

Beidh ort dul trí phróiseas ar a dtugtar 'measúnú ar oiriúnacht' le Intreo. Cuideoidh sé sin lena shoiléiriú an féidir leat cur isteach ar an íocaíocht. Má éiríonn leat, beidh ort tabhairt faoinár gcúrsa maidir le Do Ghnó Féin a Chur ar Bun freisin. Cuideoimid leat d'iarratas deiridh a sheoladh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí.

I gcomhair tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil lenár nOifigigh Fiontraíochta:

Michael Burke ag **mburke@grd.ie** nó **0879167747**

Deirdre Nic Dhonncha ag **dnicdhonncha@grd.ie** nó **0879695937**

# Go leor gradam buaite ag tionscadal na nOileán Folláin




sa ghrianghraf tá: Helen Melia and Alan Farrell from Galway County Council, Dr Anne Cassidy from Galway Rural Development, Cathaoirleach Liam Carroll, Mary Cronin from the Older Person's Council, and Andrew McBride of Healthy County Galway.

Is é 'Oileáin Fholláine' an t-ainm atá ar thionscadal a d'eagraigh SICAP agus Gaillimh Fholláin. Ar Inis Mór, Inis Oírr, Inis Meáin agus Inis Bó Finné, amach ó chósta na Gaillimhe, a reáchtáladh é agus ghlac soláthraithe seirbhíse páirt ann. Bhí na himeachtaí dírithe ar an tsláinte agus ar an bhfolláine. Tugadh léargas iontu ar an sórt cúnaimh a bhíonn ar fáil do mhuintir na n-oileán.
Chomh maith leis sin, cothaíodh naisc a chuideoidh le tionscadail amach anseo i gcuid de na ceantair is iargúlta sa chontae. Bronnadh gradam 'Aoisbhá agus Aosú Gníomhach Folláin' ar an tionscadal ag na Gradaim Náisiúnta Aoisbhá. Chomh maith leis sin, is é a rug leis an 'Gradam Sláinte Pobail is Fearr' ag na Gradaim Uile-Oileáin do Phobail agus Comhairlí. Bronnadh na gradaim sin mar aitheantas ar an obair a rinne na grúpaí pobail agus na comharchumainn dhícheallacha ar na hoileáin ó thaobh leas a bhaint as scileanna agus acmhainní. Roinn siad eolas a chothóidh pobail níos folláine. Gabhaimid buíochas leis na grúpaí ar fad a chur leis an rath a bhí ar na himeachtaí. Gabhaimid buíochas freisin le muintir na n-oileán a chuir fáilte mhór romhainn.

## Taispeántas Taistil

D'éirigh go geal leis an taispeántas taistil 'Make the Link' a cuireadh ar bun arís san fhómhar. Ba bhealach é chun eolas a chur ar fáil do dhaoine a bhí ag cuardach poist nó deis oideachais nó oiliúna. Is é SICAP a d'eagraigh é i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Is i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe, ar an gClochán, agus sa Ghort a bhí an t-imeacht ar siúl agus níor gearradh aon táille ar fhreastal air. Tá sé i gceist againn níos mó imeachtaí dá leithéid a eagrú amach anseo.
I gcomhair tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil lenár nOifigeach Oideachais Pobail: Freeda ag **fgarman@grd.ie** nó **0873674568**








**Tacaíochtaí**

# Seoladh leabhair dathúcháin i nGaeilge agus in Úcráinis



Seoladh leabhar speisialta do pháistí in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna i mí heán Fómhair. Is leabhar dathúcháin i nGaeilge agus in Úcráinis é 'Spraoi/Забава', agus tá sé dírithe ar pháistí ón gceantar agus ar pháistí a tháinig chugainn ón Úcráin. Is é Forbairt Tuaithe na Gaillimhe a bhí ina bhun, i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta. Cabhróidh sé le páistí an cheantair agus páistí na hÚcráine aithne a chur ar a chéile trí mheán na teanga agus píosa spraoi a bheith acu le chéile.







Bíonn foireann SICAP ag obair le heagraíochtaí, le grúpaí pobail agus le daoine aonair chun cabhrú le muintir na hÚcráine páirt a ghlacadh i saol na hÉireann. Chomh maith leis sin, bímid ag obair le muintir na hÚcráine chun cabhrú leo a riachtanais féin a aithint agus freastal orthu. D'fhéadfadh sé a bheith ina sprioc acu:

- comhrá a bheith acu i nGaeilge nó i mBéarla,
- páirt a ghlacadh sa phobal áitiúil,
- cur leis na scileanna a theastaíonn chun cur isteach ar phoist.



Is é an aidhm atá lenár gcuid oibre ná féachaint chuige go bhfuil ról ag muintir na hÚcráine sa phobal ina bhfuil cónaí orthu, agus go bhfuil acmhainní ag an bpobal chun cuidiú leo, bíodh maoiniú, eolas nó comhairle i gceist.
I gcomhair tuilleadh eolais, déan teagmháil lenár nOifigigh Thacaíochta do mhuintir na hÚcráine.

Oksana ag **oksana.borodiienko@grd.ie** nó **0871177448**
Anastasiia ag **anastasiiasemkiv@grd.ie** nó **087 3633778**

Ag obair as lámha a chéile

# Imeachtaí eolais faoin mbithéagsúlacht






D'eagraigh Oifigigh SICAP imeachtaí eolais faoin mbithéagsúlacht sa phobal. Is i mBéal Átha na Sluaighe, ar an gClochán agus sa Droichead Nua a bhí na himeachtaí go dtí seo. Ag na himeachtaí seo is féidir leat

- teacht ar eolas faoi cheisteanna a bhaineann leis an timpeallacht,
- teagmháil a dhéanamh le grúpaí a chuidíonn leis an timpeallacht ina gcuid oibre,
- foghlaim faoin gcaoi ar féidir cur leis an mbithéagsúlacht i do phobal féin.

I gcomhair tuilleadh eolais, féach ar ár **leathanach gréasáin maidir leis an mBithéagsúlacht** nó téigh i dteagmháil lenár **nOifigigh Forbartha Pobail**. Tá a gcuid sonraí ar an suíomh gréasáin **www.ftng.ie**










# SCEALTA ÓN BPOBAL























